



Téama: Laethanta Breithe!

Cuspóirí

Go gcuirfear ar chumas an pháiste:

- ceist a chur a thabharfaidh mar fhreagra an t-eolas a theastaíonn
- plé a dhéanamh ar chonas a ndéantar fiosruithe simplí
- sonraí a bhailiú ag baint úsáide as ábhair nithiúla le scór a choinneáil
- an méid rudaí atá i sraith a chomhaireamh
- tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le comhaireamh le súil a choinneáil ar rudaí agus ar dhaoine
- fíorshonraí a chur in iúl agus a thuiscint i rónna agus i gcolúin ag baint úsáide as rudaí nithiúla, modúil agus pictiúir (blocghraf nó barrachairt)
- sraitheanna sonraí simplí a chur i gcomparáid

Modheolaíochtaí

- ✓ Réiteach Fadhbanna
- ✓ Foghlaim i gcomhar lena chéile
- ✓ Úsáid a bhaint as an Timpeallacht
- ✓ Foghlaim ghníomhach
- ✓ Scileanna tríd Toilleadh
- ✓ Caint agus Díospóireacht

Scileanna Matamaiticiúla

- ✓ Cuir i bhfeidhm agus Réiteach Fadhbanna
- ✓ Cumarsáid a dhéanamh agus Léiriú
- ✓ Comhtháthú agus Ceangal
- ✓ Réasúnú
- ✓ Cuir i ngníomh
- ✓ Tuiscint agus Athchuidimhniú

Tascanna

- Caint agus díospóireacht – seisiún tobsmaointe
- Imeacht don rang ar fad – laethanta breithe a shórtáil agus a rangú ag baint úsáide as ábhair nithiúla agus an toradh a phlé
- Obair Aonair/Bheirte – bloc nó barrachairt a chruthú
- Anailís a dhéanamh ar na sonraí
- Seisiún díospóireachta– déan plé ar an bhfiosrú / na céimeanna sa phróiseas a shoiléiriú

Teastaíonn

- Stiallacha fada páipéir nó cárta
- Pionna éadaigh do gach páiste
- Cóip den Acmhainn 1.1 Teimpléad den Bhlocghraf
- Cóip den Acmhainn 1.2 Teimpléad den Bharrachairt

Priomhtheachtairachtáil

- Tá sé tábhachtach ceisteanna a chur le fiosrú a dhéanamh
- Gníomhaíocht tábhachtach é comhaireamh a úsáideann muid gach lá sa saol seo
- Is féidir Pictagram, blocghraf agus barrachairteacha a úsáid le heolas a léiriú
- Baintear úsáid as na graif seo ionas gur féidir le daoine ceisteanna a fhreagairt agus eolas a chur i gcomparáid i.e. sonraí a mhíniú.

Comhtháthú agus Nascáil:

Gaeilge: Teanga Labhartha: Caint agus díospóireacht, ceisteanna a chur, ceisteanna a fhreagairt, réasúnú, cuir síos, míniú, comparáid a dhéanamh...

Forbairt Teanga:

Ceisteanna a chur, cé mhéad? Comhaireamh, fiosrú, lá breithe, míonna na bliana, bailigh, eolas, ábhair, pionnaí éadaigh, stiallacha páipéir, an mhórchuid, is mó, is lú, cothrom le, ceann ar bith, taispeáin, blocghraf, barrachairt ...

Nascáil sa Mhatamaitic:

Uimhir – Comhaireamh agus uimhriú, comparáid agus ordú

Sonraí – Sonraí a chur in iúl agus a Mhíniú.

Measúnú

Beidh na páistí in ann

- insint ós ard roinnt fáthanna go bhfuil an Rolla riachtanach mar chuid dá saol scoile agus cén fáth go bhfuil sé tábhachtach eolas a bhailiú & a thairfead
- a rang féin a shórtáil agus a rangú (agus/nó ranganna eile) de réir i láthair/as láthair ag baint úsáide as ábhair nithiúla agus na torthaí a phlé (i bhfad níos mó páistí i láthair ná as láthair, níos mó páistí as láthair ar an Máirt...)
- na sonraí a bhailítear a chur in iúl ar Phictagram Ranga agus an tuiscint atá acu ar na torthaí a léiriú tríd na torthaí a léamh agus a mhíniú.

Pointí Airde don Mhúinteoir

Déan nóta i leabhar nótaí d'aon eachtraí tábhachtacha a thugann tú faoi deara, mar shampla páiste a bhfuil deacracht aige/aici leis an bpróiseas fiosrúcháin, le sonraí a chur in iúl nó a mhíniú. Tabhair faoi deara freisin aon pháistí go dteastaíonn dúshlán níos mó uathu agus bain úsáid as na moltaí tugtha san obair bhreise.

Obair Bhreise

D'fhéadfaí múineadh do na páistí conas graif a chruthú ar an ríomhaire ag baint úsáide as scarbhileog agus ríomhchlár mar shampla, MS Excel.

Naisc Bhaile/Scoile

Mar obair bhaile is féidir leis na páistí a dtuismitheoirí / a gcaomhnóirí a cheistiú maidir leis an úsáid a bhaineann siad as comhaireamh ina saol laethúil, ag an obair, sa bhaile agus is féidir leo pictiúir a tharraingt le tabhairt chun na scoile le plé a dhéanamh orthu.

Nótaí an Mhúinteora - Ceacht a 1



Réamhrá

Plé agus Díospóireacht - Cé mhéad?

- Cé mhéad páistí a tháinig chun na scoile inniu i gcarr? Cé mhéad buachaillí atá ar scoil inniu? Cé mhéad páistí a bhfuil toradh acu don lón ?

*Sa seisiún cainte agus díospóireachta tuigfidh na páistí nach mbeidh siad in ann freagra a thabhairt gan **fiosrú a dhéanamh** agus gan **an tsraith a chomhaireamh** mar shampla, na páistí a thaisteal i gcarr, lón na mbuachaillí ar scoil inniu, lón na bpáistí a bhfuil toradh acu don lón &rl ...*

- Céard atá le déanamh againn roimh aon cheann de na ceisteanna sin a fhreagairt?
Ní mór dúinn ceist a chur leis an eolas a theastaíonn uainn a fháil.

- Bímis ag smaoineamh ar na ceisteanna atá le cur againn.

Má theastaíonn uaim fios a bheith agam cé mhéad páistí a tháinig chun na scoile inniu i gcarr, cén cheist atá le cur agam ar gach páiste? *Ar tháinig tú ar scoil inniu i gcarr?*



Má theastaíonn uaim fáil amach cé mhéad páistí a bhfuil toradh acu don lón, cén cheist atá le cur agam ar gach páiste? *An bhfuil toradh agat don lón?*

Gníomhaíocht don Rang Iomlán

- Tóg an cheist seo a leanas agus an uair seo; déan fiosrú leis na páistí. Ceist: “Cé mhéad páistí a bhfuil lá breithe an mhí seo acu?”
Cén cheist atá le cur againn ar gach duine anseo sular féidir linn an freagra a fháil?
Cén mhí a thiteann do lá breithe inti?
- Nuair atá a fhios cén cheist atá le cur mínigh do na páistí go ndéanfar an fiosrú anois ag leibhéal an ranga iomláin. Roinn na páistí i ngrúpaí de cheathrar agus déan ceannaire as duine amháin i ngach grúpa.
- Bíonn dhá stiall déag páipéir le feiceáil le lipéad ar gach ceann le hainm gach mí den bhliain scríofa orthu (Léaráid A).
- Seasann ceannaire gach grúpa agus cuireann siad an cheist ar bhail a ngrúpa féin “Cén mhí a thiteann do lá breithe inti?”


Nuair a fhreagraíonn gach páiste, tugtar pionna éadaigh dó/di agus cuireann sé/sí an pionna ar an mí a thiteann a lá breithe mar shampla

Léaráid A




- Tá an fiosrú déanta agus an t-eolas bailithe. Tá an t-eolas seo curtha in iúl ag baint úsáide as ábhair nithiúla, is iad sin le pionnaí éadaigh ar stiallacha páipéir.
- Mínigh do na páistí gur féidir an t-eolas a thaispeáint (a chur in iúl) ansin ar ghraf.
- Múnlaigh / taispeáin cén chaoi gur féidir an t-eolas a chur in iúl ar bhlocghraf nó ar bharrachairt ag baint úsáide as teimpléad bán méadaithe (féach an rannóg acmhainní)
- Is féidir leis na páistí ansin oibriú leo féin agus na torthaí céanna a thaispeáint ar a dteimpléad féin don bhlocghraf mar shampla Léaráid B nó ar a dteimpléad don bharrachairt mar shampla Léaráid C. Bain úsáid as na teimpléid acmhainní atá curtha ar fáil ag deireadh an cheachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh cuid de na páistí in ann na graif seo a chruthú gan úsáid a bhaint as teimpléad.

Léaráid B



Léaráid C



- Anailís a dhéanamh ar na sonraí an chéad tasc eile. Iarrtar ar na páistí scrúdú a dhéanamh ar a ngraif agus na torthaí a mhíniú. Bheadh sé úsáideach ag an bpointe seo ceisteanna teoracha a sholáthar do na páistí mar shampla

Cén t-Eolas is Féidir a Fháil ón nGraf?

Freagair na ceisteanna seo:

- ☺ Cén mhí a bhfuil an líon is mó laethanta breithe inti?
- ☺ Cén mhí a bhfuil an líon is lú laethanta breithe inti?
- ☺ An bhfuil aon mhí ina bhfuil an líon céanna laethanta breithe inti le mí eile?
- ☺ An bhfuil aon mhí nach bhfuil aon lá breithe inti?
- ☺ Cé mhéad laethanta breithe a thiteann sa Samhradh?
- ☺ Cé mhéad laethanta breithe a thiteann i mí an Aibreáin?



Seisiún Díospóireachta

Sa seisiún seo tagann na páistí le chéile le pointí ón gceacht a phlé:

- Tá sé tábhachtach i gcónaí páistí a thabhairt ar ais chuig an mbuncheist a cuireadh, is í sin ‘Cé mhéad páistí a bhfuil lá breithe acu an mhí seo?’
- Iarr ar na páistí an toradh a shoiléiriú bunaithe ar an eolas atá bailithe agus curtha ar fáil i.e.

Tá _____ páistí sa rang a bhfuil lá breithe an mhí seo acu.

- Spreag na páistí le hachóimre a dhéanamh ar na príomhphointí foghlama sa cheacht:
D’fhoghlaim muid inniu ...
Le roinnt ceisteanna a fhreagairt ...
Ní mór dúinn ceist mhaith a chur...
Teastaíonn uainn scrúdú a dhéanamh...
- Treoraigh na páistí tríd an bpróiseas uair amháin eile:
Cén chaoi a ndearna muid an fiosrú seo?
 1. Ar dtús, cuir muid an cheist, Cén mhí a thiteann do lá breithe inti?
 2. Ansin, bhailigh muid an t-eolas a theastaíonn uainn
 3. Scríobh muid síos (thairfid) an t-eolas seo
 4. Ansin, thaispeáin muid an t-eolas ag baint úsáide as ábhar (pionnaí éadaigh)
 5. Chruthaigh muid graif
 6. Ansin, rinne muid scrúdú ar na graif
 7. Chuidigh sé seo linn an cheist a bhí curtha againn a fhreagairt, Cén mhí a thiteann do lá breithe inti?
- Iarr ar na páistí ainm a chur ar na píosaí ba thábhachtaí den fhiosrú, an cheist a cuireadh / na sonraí a bhailiú agus na torthaí a chomhaireamh.

Obair bhreise

- Fiosraigh cé mhéad laethanta breithe atá i ngach séasúr den bhliain.
- Cuir na sonraí seo in iúl ag baint úsáide as scarbhileog, mar shampla MS Excel
- Bailigh sonraí ó ranganna eile sa scoil agus cuir na sonraí seo i gcomparáid

Naisc Bhaile / Scoile

Má tá an graf déanta ag na páistí ar bhileog oibre nó i gcóipleabhar is féidir leo a gcuid oibre a thabhairt abhaile agus plé a dhéanamh lena dtuismitheoirí ar an mbealach ar cuireadh an fiosrú i gcrích.

Cén úsáid a bhaineann do thuismitheoirí/caomhnóirí as comhaireamh ina saol laethúil? Tarraing cúig phictiúr den bhealach a úsáideann duine i do theach comhaireamh ag an obair, i rith an lae



Cairt Lá Breithe



Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M. Fó	D. Fó	Samh	Noll



Cairt Lá Breithe



8												
7												
6												
5												
4												
3												
2												
1												
	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M.Fó	D.Fó	Samh	Noll



Breithlá Earraigh





Breithlá Samhraidh





Breithlá Fómhair





Breithlá Geimhridh



